V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

## (Cás M.10524 – MERCEDES-BENZ / TOTALENERGIES / STELLANTIS / ACC)

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 102/05)

1. An 23 Feabhra 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Mercedes-Benz AG ("MBAG", an Ghearmáin), de chuid Ghrúpa Daimler (An Ghearmáin),

— Stellantis N.V. ("Stellantis", an Ísiltír), de chuid Ghrúpa Stellantis (An Ísiltír),

— Saft EV SAS ("Saft", an Fhrainc), fochuideachta de chuid TotalEnergies SE ("TotalEnergies", an Fhrainc),

— Automotive Cells Company SE ("ACC", An Fhrainc).

Gheobhaidh MBAG, Stellantis agus TotalEnergies rialú comhpháirteach ar an ACC ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monaróir trealaimh bhunaidh do mhótarfheithiclí ("OEM") é MBAG agus is déileálaí mmótarfheithiclí, gluaisteán paisinéirí ("PCanna") chomh maith le feithiclí tráchtála éadroma ("LCVanna") agus feithiclí tromshaothair é, faoi na brandaí BharatBenz, Freightliner, FUSO, Mercedes-Benz, Setra, Thomas Built Buses agus Western Star,

— Is OEM mótarfheithiclí agus déileálaí mótarfheithiclí, PCanna agus LCVanna é Stellantis, faoi na brandaí Abarth, Alfa Romeo, Chrysler, Citroën, Dodge, DS, Fiat, Fiat Professional, Jeep, Lancia, Opel, Peugeot, Ram agus Vauxhall,

— Dearann, forbraíonn agus monaraíonn Saft ceallraí tionsclaíocha ardleibhéil do raon leathan feidhmeanna sibhialta agus míleata,

— Déanann ACC cealla agus modúil ian litiam a fhorbairt, a mhonarú agus a sholáthar don tionscal mótarfheithiclí go príomha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10524 – MERCEDES-BENZ / TOTALENERGIES / STELLANTIS / ACC

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË